Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023
(OR. en)

15086/23
COR 1

LIMITE

MAMA 158
MED 38
EG 4

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0220 (NLE)**
**2023/0221 (NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais |

Cuirtear an leathanach atá i gceangal leis seo in ionad leathanach EU/EG/ga 6.

AIRTEAGAL 9

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh sin, agus, ar an taobh eile, maidir le críoch na hÉigipte.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad i gcrích na nósanna imeachta dá gcuid féin ba ghá chun é a thabhairt i bhfeidhm. Seolfar na fógraí, i gcás an Aontais Eorpaigh, chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, i gcás na hÉigipte, chuig Misean Phoblacht Arabach na hÉigipte chuig an Aontas Eorpach.

2. Go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, comhaontaíonn na Páirtithe forálacha an Phrótacail seo a chur i bhfeidhm go sealadach ó dháta a shínithe, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

AIRTEAGAL 11

Is cuid dhílis den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, an Prótacal seo.